


ÓGRAS

DON GHAEILGE - DON ÓIGE



POLASAÍ GAEILGE ÓGRAS

BEALTAINÉ 2019

Fís Ógras

‘Go mbeadh an Ghaeilge mar theanga phobail ag daoine óga na hÉireann, agus go mbeadh an fhéinmhuinnín agus an cumas acu a n-acmhainn a bhaint amach, agus a bheith lán-pháirteach sa phobal trí mheán na Gaeilge.’

Polasaí Gaeilge

Aithníonn an Polasaí seo gur í an Ghaeilge príomhtheanga Ógras agus go gcuirtear Seribhísí Óige ar fáil trí mheán na Gaeilge chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge ar fud an oileáin.

Chuirge sin:

- Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na heagraíochta
- Is i nGaeilge, de ghnáth, a reáchtálfar gníomhaíochtaí uile Ógras, mar shampla, cruinnithe an Choiste Stiúrtha agus an Bhuanchoiste, Imeachtaí Náisiúnta agus Réigiúnda, Imeachtaí na gclubanna, Cúrsaí Ceannaireachta, fógraí agus srl.
- Labharfar Gaeilge sna clubanna, san oifig, ar imeachtaí agus turasanna agus i ngach áit a mbíonn baill agus ceannairí/foireann bailithe ar gnó Ógras
- Cuirfear gach tacaíocht ar fáil do bhaill agus do thuismitheoirí chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm
- Beidh ardcaighdeán Gaeilge riachtanach in aon earcaíocht foirne a dhéanfar don eagraíocht
- Cuirfear béim ar gach gné den Chultúr Gaelach i gclár imeachtaí an eagraíocht
- Tapóidh Ógras gach deis an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn
- Os í an Ghaeilge príomhtheanga oifigiúil Phoblacht na hÉireann, is trí Ghaeilge a dhéanfaí gnó leis an Stáitchóras sa Phoblacht. San áit nach bhfuil seirbhís Ghaeilge á cur ar fáil, eileofar go gcuirfí ar fáil é.

Chuirge sin:

- Aithníonn an Polasaí seo chomh maith go bhfuil baill cláraithe le hÓgras agus go bhféadfadh a bheith, gan a ndóthain eolas ar an nGaeilge acu chun a bheith rannpháirteach in imeachtaí go hiomlán trí Ghaeilge – Cuirfear spreagadh agus tacaíocht ar fáil do bhaill agus do thuismitheoirí nach bhfuil líofacht iomlán sa teanga acu.
- Is gá do bhaill nua ar bheagán Gaeilge timpeall 2 mhí a chaitheamh sa chlub roimh dóibh dhul ar thuras nó imeacht leis an chlub.

- Caithfidh siad a léiriú go bhfuil iarracht a dhéanamh acu an Ghaeilge a úsáid i ngach cumarsáid sa chlub – cúpla focal fiú muna bhfuil an abairt go hiomlán i nGaeilge
- Spreagtar na baill agus ceannairí le Gaeilge a labhairt leo chun cabhrú leo éirigh níos múiníneach agus níos compórdach ag labhairt na Gaeilge

Ta sé mar dhualgas ar na ceannairí a mheabhrú do na baill gur gá Gaeilge a labhairt i gcónaí sa chlub agus ag imeachtaí Ógras.

Athbhreithniú polasaí

Déanfaidh Ógras athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach trí bliana, le cinntiú go mbíonn sé nuashonraithe agus go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na heagraíochta agus an bhallraíocht.

I bhfeidhm ó : 2019

Duine Freagrach as: Stiúrthóir Ógras

Freagracht foriomlán: Coiste Stiúrtha Ógras

Le hathbhreathnú: Bealtaine 2022

Síniú:

maedhbz ní Dheirentí.

Stiúrthóir

Dáta: 24 Bealtaine 2019